Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Márta 2026
(OR. en)

6919/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0066 (BUD)**

FIN 351
SOC 124

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 4 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/008 BE/Liberty |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 4 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 4 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.3.2026
COM(2026) 4 final

2026/0066 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/008 BE/Liberty**

<u>**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**</u>

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1].
2. An 13 Samhain 2025, chuir an Bheilg an t-iarratas EGF/2025/008 BE/Liberty isteach, arb iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED é, de dheasca iomarcaíochtaí in Liberty Galaţi Belgian Branch[2] sa Bheilg.
3. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, ba é a chinn sé, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán (AE) 2021/691, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2025/008 BE/Liberty |
| Ballstát | an Bheilg |
| Na réigiúin lena mbaineann (Leibhéal NUTS[3] 2) | Province Liège (BE33) |
| An dáta a cuireadh an t- iarratas isteach | An 13 Samhain 2025 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t- iarratas | An 27 Samhain 2025 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | An 27 Samhain 2025 |
| An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar | An 18 Nollaig 2025 |
| An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích | An 10 Márta 2026 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691 |
| Fiontar | Liberty Galaţi Belgian Branch |
| Na hearnálacha lena mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[4] | Rannán 24 (Monarú miotal bunúsach) |
| An tréimhse thagartha (4 mhí): | An 24 Aibreán 2025 – an 24 Lúnasa |

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] Is é ‘Liberty Galaţi Belgian Branch’ an t-ainm tráchtála atá ar bhrainse na Beilge den chuideachta comhstoic ‘Liberty Galaţi’ atá cláraithe sa Rómáin.

[3] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú. IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

[4] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

| | 2025 |
|---|---|
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 507 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 507 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 507 |
| An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 2 358 922 |
| An buiséad chun CED a chur chun feidhme[5] (EUR) | 33 866 |
| An buiséad iomlán (EUR) | 2 392 788 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR) | 2 033 869 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 13 Samhain 2025, chuir an Bheilg an t- iarratas EGF/2025/008 BE/Liberty isteach, is é sin laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/691. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t- iarratas agus, an 27 Samhain 2025, d'iarr sé faisnéis bhreise ar an mBeilg. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An sprioc-am 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar a mhéid a chomhlíonann an t-iarratas na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, rachaidh an sprioc-am sin in éag an 10 Márta 2026.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 507 n-oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Liberty Galaţi Belgian Branch (Liberty). Bhí an fiontar ag obair san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 24 NACE Athbhreithniú 2 (Monarú miotal bunúsach). Na hiomarcaíochtaí a rinne Liberty, is iomarcaíochtaí iad atá lonnaithe go príomha i réigiún NUTS 2 Province Liège (BE33).

*Na critéir idirghabhála*

6. Chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear go dtarlódh scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

7. Maireann an tréimhse thagartha 4 mhí le haghaidh an iarratais ón 24 Aibreán 2025 go dtí an 24 Lúnasa 2025.

8. Bhí 507 n-iomarcaíocht in Liberty le linn na tréimhse tagartha.

[5] I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

*Na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh*

9. De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 5, an chéad mhír de Rialachán (AE) 2021/691, ríomhadh an líon oibrithe a ndearna an iomarcaíocht difear dóibh le linn na tréimhse tagartha, is é sin 507 n-oibrí san iomlán, ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha fostaíochta nó ó dháta a éaga.

*Tairbhithe incháilithe*

10. Is é 507 nduine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta*

11. De dheasca an mhargaidh cruach laig in 2019, an tsuaite sa slabhra soláthair mar thoradh ar thionchar phaindéim COVID-19 agus na bpraghsanna arda fuinnimh a d'eascair as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cuireadh bac ar an infheistíocht os cionn EUR 40 milliún a rinne GFG Alliance[6] tar éis dó Liberty Steel Liège a fháil ó ArcelorMittal i mí Iúil 2019.

12. Bhí línte galbhánaithe Liberty Steel Group sa Bheilg díomhaoin ó mhí na Nollag 2021 mar gheall ar an easpa amhábhar, rud a spreag oibríocht athstruchtúrúcháin as ar eascair aistriú dlíthiúil Liberty Steel Liège chuig Liberty Galaţi (fochuideachta Rómánach de GFG Alliance trí Liberty Steel Group) in 2023.

13. D'ainneoin tháthcheangal Galaţi ar Liberty Steel Liège, níor atosaíodh an ghníomhaíocht táirgthe. Dá bhrí sin, cuireadh oibrithe i scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama. Tar éis tréimhse fhada gan dul i mbun aon táirgeadh, dhearbhaigh Cúirt Tráchtála Liège féimheacht Liberty an 22 Aibreán 2025[7].

14. Níorbh é Liège an t-aon saoráid amháin ag a raibh deacrachtaí. Bhí deacrachtaí ag gléasraí Liberty Steel sa tSeicia, san Iodáil, i Lucsamburg, sa Pholainn agus sa Rómáin freisin mar gheall ar an meascán de dhálaí díobhálacha sa mhargadh cruach, agus easpa shuntasach caipitil leachtaigh GFG Alliance Group a tháinig i ndiaidh fhéimheacht Greensill Capital. Ós rud é gur sholáthair an chuideachta phríobháideach seirbhísí airgeadais sin maoiniú gearrthéarmach do chuid mhór eintiteas de GFG Alliance Group, chuir a féimheacht inmharthanacht Liberty Steel i mbaol, rud a d'fhág gur tháinig meath air de réir a chéile.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht*

15. Sa Bheilg, tá cóimheas na bpost sa tionscal cruach[8] in aghaidh an áitritheora[9] ard, rud a léiríonn a thábhachtaí atá an earnáil i ngeilleagar na tíre. Thairis sin, is mórshuaitheadh sóisialta le haghaidh na Vallúine í féimheacht Liberty, toisc gur tharla sí i margadh saothair atá lag cheana féin de dheasca teagmhais athstruchtúrúcháin eile amhail TNT-FedEx[10] nó Makro[11], teagmhais a ndearna an Bheilg iarratas ar thacaíocht CED ina leith freisin.

16. I mí Dheireadh Fómhair 2025, ba é 6,4 % an ráta dífhostaíochta sa Bheilg ina hiomláine, is é sin méadú 0,6 pointe céatadáin bliain ar bhliain, agus 0,5 pointe céatadáin níos airde ná meánráta dífhostaíochta an Aontais (5,9 %)[12]. Mar sin féin, ardaíonn an ráta dífhostaíochta sa Vallúin go 7,8 %[13].

17. Sa dara ráithe de 2025, bhí an ráta fostaíochta sa Vallúin (62,7 %)[14] 13 phointe céatadáin níos ísle ná meánráta an Aontais (76,2 %)[15]. Is mó na bacainní a bhíonn roimh oibrithe scothaosta chun fostaíocht a aimsiú. Is é 82 % an ráta fostaíochta

6 Tá Liberty Steel Group faoi úinéireacht ilchuideachta GFG Alliance.
7 Moniteur Belge 28.4.2025, 45387.
8 Is éard is cóimheas post sa tionscal cruach ann an cion post go díreach sa tionscal cruach in aghaidh gach 100 000 áitritheoir.
9 Comhlachas Eorpach an Tionscail Cruach (EUROFER). Cruach na hEorpa i bhfigiúirí 2025.
10 COM(2023) 69.
11 COM(2023) 470.
12 Eurostat.
13 Statbel. Emploi et chômage (9.9.2025)
14 Statbel. Emploi et chômage (9.9.2025)
15 Eurostat

náisiúnta i gcás an aoisghrúpa 25-49. Titeann sé go 68,2 %, i gcás daoine atá 50 bliain d'aois nó níos sine[16]. I mí Lúnasa 2025, bhí duine as gach ceathrar cuardaitheoirí poist cláraithe sa Vallúin 50 bliain d'aois nó níos sine[17].

18. D'ainneoin a speisialtóireachta airde sa mhiotalóireacht, sa ghalbhánú agus i gcothabháil thionsclaíoch throm, tá dúshlán ag baint le haistrithe poist oibrithe Liberty mar gheall ar a n-aois chríonna (tá 52 % de na hoibrithe 55 bliana d'aois nó níos sine agus tá duine as gach beirt sa ghrúpa sin 60 bliain d'aois nó níos sine), agus blianta fada sinsearachta san fhiontar céanna acu (tá sinsearacht idir 24 bliana agus 40 bliain ag níos mó ná 70 % de na hoibrithe). Dá bhrí sin, tá cuidiú pearsantaithe de dhíth ar na hoibrithe sin chun na deacrachtaí sin a shárú.

**Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú**

19. Thug an Bheilg tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú.

20. Thuairiscigh an Bheilg go ndéantar, faoin dlí saothair náisiúnta maidir le bainistiú gníomhach athstruchtúrúcháin[18], é a chur de cheangal ar fhiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh acu aonad fostaíochta a bhunú, arb é is cuspóir dó 30 uair an chloig de sheirbhísí socrúcháin sheachtraigh i dtréimhse 3 mhí a sholáthar d'oibrithe a leagadh as a bpost i gcomhthéacs iomarcaíochtaí comhchoiteanna (60 uair an chloig i gcaitheamh 6 mhí i gcás oibrithe 45 bliana d'aois nó níos sine). Mar sin féin, níl feidhm ag an oibleagáid dhlíthiúil sin i gcás féimheachta. Dá bhrí sin, na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh agus gairmthreorach a chuimsítear sa phacáiste beart ar a dtugtar tuairisc i mír 24 thíos, cuirtear iad in ionad na seirbhísí comhairleoireachta agus socrúcháin sheachtraigh nach bhfaigheann na hoibrithe iomarcacha sin agus forbraítear na seirbhísí sin leo.

21. Déantar foráil i reachtaíocht réigiúnach na Vallúine[19] maidir le tacaíocht shonrach d'oibrithe iomarcacha, i bhfoirm aonad ath-imlonnaithe (*cellule de reconversion*)[20] ón tSeirbhís Réigiúnach Fostaíochta Poiblí agus Gairmoiliúna (Le Forem), arna iarraidh sin d'eagraíochtaí ionadaíocha na n-oibrithe. Níl aon oibleagáid ar an bhfostóir ná ar Le Forem maidir leis an aonad ath-imlonnaithe. Is trí aonad ath-imlonnaithe den sórt sin a dhéanfar bainistiú ar chur chun feidhme na mbeart atá cómhaoinithe ag CED.

22. Maidir leis na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, thuairiscigh an Bheilg gur bunaíodh an t-aonad ath-imlonnaithe an 1 Meitheamh 2025, go gairid tar éis na chéad iomarcaíochtaí.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais*

23. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Bheilg nach bhfaigheadh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais freisin.

---

16 Statbel.Ráta fostaíochta de réir an aoisghrúpa.
17 Le Forem. Photo locale de la demande d'emploi (aout 2025)
18 Foraithne Ríoga (*Arrêté Royal*) an 10 Samhain 2006 lena leasaítear Foraithne Ríoga an 9 Márta 2006.
19 Foraithne Rialtas na Vallúine an 29 Eanáir 2004, arna leasú le Foraithne an 30 Aibreán 2009.
20 Le Forem.Teagmhas athstruchtúrúcháin:aonaid ath-imlonnaithe.

24. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, comhlánaítear gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta eile nó le cistí eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

25. Chuir an Bheilg in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le ceardchumainn, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691.

26. Ag cruinniú a tionóladh an 14 Iúil 2025, chuathas i gcomhairle le Cónaidhm Ghinearálta Saothair na Beilge (FGTB)[21] agus le Cónaidhm na gCeardchumann Críostaí (CSC)[22], go háirithe maidir le riachtanais na n-oibrithe i ndáil le huas-sciliú agus athsciliú. Lorgaíodh ionchur ó ionadaithe na n-oibrithe freisin maidir le conas tacaíocht CED a sholáthar ar bhealach níos fearr.

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

27. Tá coinne leis go nglacfaidh na hoibrithe iomarcacha ar fad, is é sin 507 n-oibrí, páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas miondealú na n-oibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais:

| Catagóir | | An líon tairbhithe a mheastar a bheidh ann | |
|---|---|---|---|
| Inscne: | Fir: | 468 | (92,3 %) |
| | Mná: | 39 | (7,7 %) |
| | Neamh- dhénártha | 0 | (0,0 %) |
| Aoisghrúpa: | Faoi bhun 30 bliain: | 4 | (0,8 %) |
| | 30-54 bliana: | 242 | (47,7 %) |
| | Os cionn 54 bliana: | 261 | (51,5 %) |
| Leibhéal oideachais | Oideachas meánscoile sóisearach, nó níos lú ná sin[23] | 70 | (13,8 %) |
| | Oideachas meánscoile sinsearach[24] nó oideachas iar- | 280 | (55,2 %) |

[21] Fédération générale du travail de Belgique.
[22] Conféderation des syndicats chrétiens.
[23] ISCED 0-2
[24] ISCED 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| | mheánscoile[25] | | |
| | Oideachas treasach[26] | 157 | (31,0 %) |

*Bearta atá beartaithe*

28. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsanaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha:

– Socrúchán seachtrach agus gairmthreoir: Foireann comhairleoirí gairme a bhfuil speisialtóireacht acu i dteagmhais athstruchtúrúcháin agus oibrithe tacaíochta sóisialta a thagann ó ionadaithe fhostaithe na cuideachta de ghnáth a sholáthraíonn na seirbhísí sin.

  Soláthraíonn na comhairleoirí seirbhísí socrúcháin sheachtraigh agus treoraíocht, oiliúint agus cúnamh um ath-imeascadh gairmiúil trí sheisiúin chomhairleoireachta agus chóitseála aonair agus chomhchoiteanna, agus soláthraíonn na hoibrithe sóisialta tacaíocht maidir leis na nósanna imeachta riaracháin a bhíonn ann agus stádas fostaíochta á athrú ag oibrí, agus cuidíonn siad le caidrimh na n-oibrithe a choinneáil mar a bhí le linn dóibh a bheith ag obair in Liberty.

– Oiliúint, athoiliúint agus gairmoiliúint: Cuirfear oiliúint shonrach ar fáil chun freastal ar riachtanais shainaitheanta na n-oibrithe, tar éis tionscadail aonair a phróifíliú agus a chomhaontú leis na comhairleoirí gairme. Comhlánófar leis an oiliúint sin tairiscint chaighdeánach oiliúna Le Forem agus a chomhpháirtithe. Cuirfear dhá mhodúl shonracha TF ar fáil do na hoibrithe freisin chun neamhspleáchas digiteach a bhaint amach agus a neartú.

– Tacaíocht chun gnólacht a chur ar bun: Tá an beart dírithe ar oibrithe ar mian leo a ngnólacht féin a chur ar bun. Cuimseofar leis céim diagnóise agus treorach, gníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir leis an bhfiontraíocht, seisiúin eolais ar an bhféidearthacht atá ann gnólacht a chur ar bun trí dhiagnóisiú eacnamaíoch críochach agus líonrú a dhéanamh le fiontraithe ábhartha agus le cóitseálaithe cáilithe a bhíonn ag plé le gnólacht a chur ar bun.

– Ranníocaíocht le gnólachtaí nuathionscanta: Na hoibrithe a thosaíonn gnólacht nó gníomhaíocht fhéinfhostaithe, gheobhaidh siad ranníocaíocht suas le EUR 15 000. Íocfar an ranníocaíocht in dhá thráthchuid, tar éis doiciméid tacaíochta a sholáthar ag tús fhorbairt na gníomhaíochta gnó agus lena linn.

– Dreasachtaí agus liúntais: **(1) Liúntais cuardaigh poist.** Gheobhaidh oibrithe EUR 2 in aghaidh na huaire de rannpháirtíocht éifeachtach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist atá i dteideal an liúntais. **(2) Liúntas chun dul ar ais ar scoil.** Deonófar liúntas míosúil EUR 350 d'oibrithe a théann i mbun staidéar lánaimseartha meánscoile agus treasach, nó i mbun oiliúint cháilitheach chun na scileanna is gá a fháil le haghaidh poist a bhfuil éileamh orthu agus a bhfuil sé deacair daoine a earcú ina leith nó a bhfuil baint acu le feidhmeanna

25 ISCED 4
26 ISCED 5-8

criticiúla[27]. **(3) Liúntas chun gnólacht a chur ar bun.** Chun tacú le hoibrithe agus iad ag bunú gnólachta, deonófar liúntas míosúil EUR 350 ar feadh 12 mhí ar a mhéad nó suas le 18 mí faoi choinníollacha áirithe.

29. Leis an oiliúint a luaitear thuas chun neamhspleáchas digiteach a bhaint amach agus a neartú, lena gcomhlánaítear oiliúint chaighdeánach Forem chun scileanna digiteacha a fhorbairt, mar aon le modúl maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus úsáid éifeachtúil acmhainní, freastalaítear ar scaipeadh na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691. Beidh an modúl maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus úsáid éifeachtúil acmhainní a forbraíodh le haghaidh iar-oibrithe Swissport (EGF/2020/005 BE)[28] anois ina chuid de thairiscint chaighdeánach oiliúna Le Forem arna cómhaoiniú ag CSE+. Dá bhrí sin, ní dhéantar foráil bhuiséadach maidir leis sa togra seo. Comhlánaítear modúl an gheilleagair chiorclaigh le modúl maidir leis an ngeilleagar sóisialta a forbraíodh freisin faoi chuimsiú cás CED[29].

30. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad atá laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

31. Tá soláthartha ag an mBeilg an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach le haghaidh an fhiontair lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, tá sé deimhnithe ag an mBeilg nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

*Buiséad measta*

32. Is é EUR 2 392 788 luach na gcostas measta iomlán, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 2 358 922 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 33 866 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

33. Is é EUR 2 033 869 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

34. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m) de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an Bheilg gurb iad Cúige na Vallúine agus Le Forem a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

| Bearta | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an | Costais mheasta iomlána |
|---|---|---|---|

[27] Liosta de phoist a bhfuil éileamh orthu agus a bhfuil sé deacair daoine a earcú ina leith nó a bhaineann le feidhmeanna criticiúla. « Métiers en tension de recrutement en Wallonie. Liste des métiers/fonctions critiques et en pénurie ». Le Forem 2025.

[28] COM(2021) 212.

[29] EGF/2022/002 BE/TNT. COM(2023) 69

| | | rannpháirtí *(EUR)*[30] | *(EUR)*[31] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691) | | | |
| Socrú seachtrach agus gairmthreoir *(reconversion:accompagnement/orientation/ mobilisation)* | 507 | 2 329 | 1 180 583 |
| Oiliúint agus athoiliúint *(formations et modules spécifiques)* | 250 | 1 801 | 450 170 |
| Fiontraíocht a chur chun cinn (*Accompagnement entrepreneuriat)* | 50 | 1 231 | 61 569 |
| Ranníocaíocht le gnólachtaí nuathionscanta *(bourse de lancement)* | 32 | 10 000 | 320 000 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 2 012 322<br>(85,30 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691) | | | |
| Lamháltais (*allocation de recherche d'emploie, de reprise d'études et d'entrepreneuriat)* | 507 | 684 | 346 600 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 346 600<br>(14,69 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691 | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 0 |
| 2. Bainistíocht | – | | 13 260 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 5 000 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 15 606 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 33 866<br>(1,42 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 2 392 788 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 % de na costais iomlána) | – | | 2 033 869 |

35. Costais na mbeart a shainaithnítear sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/691, ní mó iad ná 35 % de na costais

[30] Chun deachúlacha a sheachaint, rinneadh an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Bheilg isteach.

[31] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

iomlána le haghaidh an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Bheilg go bhfuil na bearta sin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint.

36. I gcomhréir le hAirteagal 7(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/691, dheimhnigh an Bheilg nach mbeidh costais na n- infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíocht, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ó fhostaithe níos mó ná EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí.

*Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais*

37. An 1 Meitheamh 2025 thosaigh an Bheilg ar na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Meitheamh 2025 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

38. An 22 Aibreán 2025, thosaigh an Bheilg ar an gcaiteachas riaracháin a thabhú chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 22 Aibreán 2025 go dtí 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

39. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, agus sonraítear sa tuairisc sin freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Bheilg fógra don Choimisiún gurb iad na comhlachtaí sin a bhainistíonn agus a rialaíonn CSE+ sa Vallúin a bhainisteoidh agus a rialóidh an ranníocaíocht airgeadais.

**Gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

40. Tá soláthartha ag an mBeilg na dearbhuithe uile is gá maidir leis na nithe seo a leanas:

- cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh- idirdhealú sa mhéid a bhaineann leis an rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na mbeart sin,
- comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,
- beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,
- cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

**Togra buiséadach**

41. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta

2021 go 2027[32], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024[33].

42. Agus scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/691, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann sé EUR 2 033 869 a shlógadh as CED, suim arb í 85 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe í, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

43. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691 agus, mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[34].

## Gníomhartha gaolmhara

44. An tráth céanna a thíolacfaidh an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, cuirfidh sé togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun EUR 2 033 869 a aistriú chuig an líne bhuiséadach ábhartha.

45. An tráth céanna a ghlac an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, ghlac sé cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[35]. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra go bhfuil an t-aistriú buiséadach formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

---

32 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

33 IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj.

34 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

35 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj26.9.2024.

2026/0066 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/008 BE/Liberty**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[36], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[37], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[38], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle[39], agus mar a leagtar síos freisin in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 13 Samhain 2025, chuir an Bheilg iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in Liberty Galaţi Belgian Branch sa Bheilg. Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an

[36] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[37] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28

[38] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

[39] IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj.

Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 2 033 869 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Bheilg isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2026, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 2 033 869 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

40 COM(2026) 4.

* Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú san Iris Oifigiúil.